Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA
# LEAVING CERTIFICATE EXAMINATION

SAMPLA - **SAMPLE**

EALAÍN - OBAIR CHÚRSA - LEABHAR OIBRE
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Cumadóireacht Shamhlaíoch nó Ábhar Neamhbheo
agus Ceardaíocht nó Dearadh

**ART COURSEWORK WORKBOOK**
**Higher and Ordinary Level**
**Imaginative Composition or Still Life**
**and Craftwork or Design**

Tá 200 marc ag gabháil leis an comhpháirt nó hoibre cúrsa, i.e. 50% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

Tá ar a laghad 30 uair an chloig teagmhála ag teastáil in imeacht 10 seachtaine chun an obair chúrsa seo a dhéanamh

**200 marks are assigned to the coursework component, i.e. 50% of the total marks for Art**

**Minimum of 30 hours classroom contact to be provided over 10 weeks for the delivery of this coursework**

NÁ TABHAIR AN LEABHAR SEO AMACH AS AN SCOIL
**DO NOT REMOVE FROM THE SCHOOL**

**School Roll Number:**__________ Uimhir Rolla na Scoile: __________

**Candidate Examination Number:**__________ Scrúduimhir an Iarrthóra: __________

**Higher Level** ☐ Ardleibhéal ☐

**Ordinary Level** ☐ Gnáthleibhéal ☐

## Candidate Requirements

- It is **your** responsibility as the candidate to comply with these instructions. If you fail to comply with these instructions, your Art teacher **will not** be able to validate and sign off on your coursework component.

- Your coursework component must be completed by the date stated on the Leaving Certificate Art Coursework Brief.

- The completed coursework component submitted for assessment must consist of two realised works from the Leaving Certificate Art Coursework Brief and a record of their development in the Coursework Workbook. Your investigation and development based on your chosen theme must be recorded in your Coursework Workbook using the prescribed structure.

- The coursework component you submit for assessment must be **your own** individual work.

- To enable your Art teacher to validate your coursework component and to ensure that similar constraints apply to all candidates, the workbook and realised works in their entirety must be executed in school under the supervision of your class teacher.

- Your workbook and realised works **must not be removed from the school under any circumstances** as doing so will result in the coursework component being considered invalid and no marks will be awarded.

- You must submit your own separate, distinct coursework component. Group coursework is not accepted for assessment.

- Your coursework component must meet the requirements for coursework as specified in the Leaving Certificate Art Coursework Brief. In order for your Art teacher to be able to validate your work, you must select coursework that can be completed within the supervised time available, using the materials and equipment available in the school. You must agree the coursework with your class teacher. You must allow your Art teacher to supervise all of your work in order for your Art teacher to be able to validate your coursework. Failure to comply with this requirement will result in your Art teacher not being able to validate and sign off on your coursework component.

- Evidence that you completed individual experimental work should be included in your workbook. It is recommended that your research and development work be related to your chosen theme and to your realised works.

- **The use of primary sources is required**. Primary sources are sources, physical or conceptual, that are viewed in their original state and are not filtered through another person's interpretation of them. You may use a combination of physical and conceptual sources, (working from imagination, memory or feeling).

- Secondary sources if used, should be included in the Initial Research Sheet only and should be referred to only as an influence or as inspiration. You must have a reason for including secondary sources, such as; looking at how others use materials, techniques, surfaces, art elements or composition etc. You must acknowledge any secondary sources used by giving the relevant URL address, book name and author or the magazine name and date, etc.

- Material (secondary sources) copied directly from the internet or from other sources and presented as your own work will not receive any marks. Repeatedly copying images does not constitute development and therefore will not attract marks.

- Making studies outside of the classroom: you may make some sketches and take some photographs to bring into class but the development should take place in art class under the supervision of your Art teacher. Studies or photography recorded outside of class contact time should appear on Development Sheet 1 **only**. Keep this type of work to a minimum.

- Studies made outside of the classroom must be validated by your Art teacher as your own work in order to be submitted as coursework. The work that you bring in to the school must be of the same level and standard as the work that you carry out under the supervision of your Art teacher.

- **You must work directly into your Coursework Workbook**.

- Your workbook should include a record of the design and development process to show the **steps** that you took to **develop** and realise your work. You should also include a design proposal for your realised works. Do not insert any extra pages.

- Where there are clear similarities between your coursework component and that of another candidate, whether the workbook or the realised works, you will not receive any marks for such coursework.

- You must put your examination number on the workbook and on your realised works using the material issued by the State Examinations Commission.

- Any incidence of suspected copying, improper assistance from another party, plagiarism or procurement from another party will be thoroughly investigated. Where coursework cannot be verified as the candidate's own individual work the State Examinations Commission will take appropriate action. This often results in the work presented being deemed invalid and any marks awarded in respect of it being discounted when determining the overall result.

- Both your Art teacher and the school Principal are required to sign a document that states that you have followed these instructions. This validates your coursework for assessment. They must inform the State Examinations Commission if you have not followed all of these instructions. If you submit coursework which cannot be validated by your Art teacher and school Principal, you will not receive any marks for the coursework component.

- Responsibility for complying with examination requirements rests with **you** the candidate. If the above requirements are not met, your Art teacher and the school authorities will have to bring this matter to the attention of the State Examinations Commission.

## Riachtanais an Iarrthóra

- Is **ort féin** mar iarrthóir atá an fhreagracht as cloí leis na treoracha seo. Má theipeann ort cloí leis na treoracha seo, **ní bheidh** do mhúinteoir Ealaíne in ann comhpháirt na hoibre cúrsa agat a bhailíochtú agus a s(h)íniú a chur léi.

- Ní mór comhpháirt na hoibre cúrsa agat a bheith críochnaithe faoin dáta a luaitear ar choimre na hOibre Cúrsa in Ealaín na hArd teistiméireachta.

- Is é a chaithfidh a bheith san obair chúrsa chríochnaithe a chuireann tú isteach le haghaidh measúnachta ná dhá shaothar chríochnaithe as coimre na hOibre Cúrsa in Ealaín na hArdteistiméireachta agus taifead ar a bhforbairt i Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa. Ní mór d'iniúchadh agus forbairt do théama roghnaithe a bheith ar taifead i Leabhar Oibre na hOibre Cúrsa agus ní mór an leagan amach réamhshocraithe a úsáid.

- Ní mór duit **d'obair dhílis féin** a chur isteach le haghaidh na measúnachta.

- Le go mbeidh do mhúinteoir Ealaíne in ann comhpháirt na hoibre cúrsa agat a bhailíochtú agus chun a chinntiú go mbeidh na coinníollacha céanna i bhfeidhm i gcás na n iarrthóirí go léir, ní mór an leabhar oibre agus na saothair chríochnaithe a dhéanamh ina n-iomláine sa scoil faoi mhaoirseacht mhúinteoir do ranga.

- **Ní cóir do leabhar oibre ná do shaothair chríochnaithe a thabhairt amach as an scoil ar chúinse ar bith** nó má thugtar measfar comhpháirt na hoibre cúrsa agat a bheith neamhbhailí agus ní bhronnfar aon mharcanna ort.

- Ní mór duit obair chúrsa ar leith de do chuid féin a chur isteach. Ní ghlactar le hobair ghrúpa le haghaidh measúnachta.

- Ní mór do chomhpháirt na hoibre cúrsa agat riachtanais na hoibre cúrsa a shásamh mar atá siad leagtha síos i gcoimre na hOibre Cúrsa in Ealaín na hArdteistiméireachta. Sa chaoi go mbeidh do mhúinteoir Ealaíne in ann do chuid oibre a bhailíochtú, ní mór duit obair chúrsa a roghnú is féidir a chur i gcrích laistigh den am faoi mhaoir seacht atá ar fáil ar scoil agus í a dhéanamh leis na hábhair agus leis an trealamh atá ar fáil sa scoil. Ní mór duit an obair chúrsa a aontú le múinteoir Ealaíne do ranga. Ní mór duit ligean do do mhúinteoir Ealaíne maoirseacht a dhéanamh ar iomlán do chuid oibre le go mbeidh do mhúinteoir in ann do chuid oibre a bhailíochtú. Mura gcloíonn tú leis an riachtanas seo ní bheidh do mhúinteoir Ealaíne in ann comhpháirt na hoibre cúrsa agat a bhailíochtú agus a s(h)íniú a chur léi.

- Ní mór fianaise a bheith i do leabhar oibre go ndearna tú féin go pearsanta obair thrialach. Moltar go mbeadh baint ag do chuid taighde agus ag obair na forbartha leis an téama a roghnaigh tú agus leis an saothar a chuireann tú i gcrích.

- **Is riachtanas é go mbainfí leas as foinsí príomha**. Is é atá i gceist le foinsí príomha ná foinsí fisiceacha nó coincheapúla a bhreathnaítear ina mbunchruth agus nach gcuirtear in iúl trí idirmhíniú duine eile. Tá cead agat meascán d'fhoinsí fisiceacha agus d'fhoinsí coincheapúla a úsáid (agus tú ag obair ó do shamhlaíocht, ó chuimhne nó ó do mhothúcháin).

- Má bhaintear leas as foinsí tánaisteacha is ar do Bhileog de Thaighde Tosaigh is cóir iad a chur san áireamh agus níor chóir tagairt dóibh ach amháin mar fhoinse tionchair nó inspioráide duit féin. Ní mór cúis a bheith agat le foinsí tánaisteacha a chur san áireamh, e.g. le féachaint conas a úsáideann daoine eile ábhair, teicnící, dromchlaí, gnéithe den ealaín nó den chumadóireacht, etc. Ní mór duit foinsí tánaisteacha dá leithéid a admháil agus an URL ábhartha, ainm an leabhair nó na hirise, agus an dáta, etc. a thabhairt.

- Má dhéantar ábhar (foinsí tánaisteacha) a chóipeáil go díreach ón ngréasán domhanda nó ó fhoinsí eile, agus má chuirtear i láthair mar do chuid oibre féin é, ní bhronnfar aon mharcanna ort as an obair sin. Ní hionann íomhánna a chóipeáil agus forbairt, agus ní bhronnfar marcanna as sin a dhéanamh.

- Staidéir a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga: is ceadmhach roinnt sceitsí a dhéanamh agus roinnt grianghraf a thabhairt isteach sa rang ach is sa rang ealaíne faoi mhaoirseacht do mhúinteora Ealaíne ba chóir an fhorbairt a dhéanamh. Is ar Bhileog Forbartha 1 **amháin** ba chóir staidéir a dhéantar lasmuigh den seomra ranga agus grianghraif a chur san áireamh. Ba chóir a laghad a dhéanamh lasmuigh den seomra ranga agus is féidir.

- Ní mór do do mhúinteoir Ealaíne an obair a dhéantar lasmuigh den seomra ranga a bhailíochtú mar do chuid oibre féin sula gcuirtear isteach mar obair chúrsa í. Ní mór an obair a thugann tú isteach sa scoil a bheith ar an leibhéal céanna agus den chaighdeán céanna leis an obair a dhéanann tú faoi mhaoirseacht an mhúinteora Ealaíne.

- **Is fearr oibriú go díreach ar leabhar oibre na hoibre cúrsa**.

- Ba chóir go mbeadh taifead i do leabhar oibre de phróiseas an dearaidh agus na forbartha agus ba chóir go léireodh sé na **céimeanna** a thug tú chun do chuid oibre **a fhorbairt** agus a chur i gcrích. Ba chóir duit moladh dearaidh le haghaidh do chuid saothar críochnaithe a chur san áireamh. Ná cuir isteach aon leathanach breise.

- Aon áit a mbíonn cosúlacht shoiléir idir an obair chúrsa agatsa agus obair chúrsa iarrthóra eile, bíodh sé sin sa leabhar oibre nó sna saothair chríochnaithe, ní bhfaighidh tú aon mharcanna as obair chúrsa dá leithéid.

- Ní mór duit do scrúduimhir a chur ar an leabhar oibre agus ar na saothair chríochnaithe agus leas a bhaint as an ábhar a eisíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit.

- Má bhítear in amhras faoi chóipeáil, faoi chúnamh míchuí ó pháirtí eile, faoi bhradaíl nó go bhfuarthas obair ó pháirtí eile, déanfar sin a fhiosrú go mionchúiseach. Aon áit nach féidir a dheimhniú gur leis an iarrthóir féin an obair chúrsa gníomhóidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit mar is cuí. Is minic a tharlaíonn dá thoradh sin go meastar an obair a chuirtear i láthair a bheith neamhbhailí agus ní áirítear na marcanna a bhronntar as obair dá leithéid nuair a bhíonn an toradh foriomlán a ríomh.

- Beidh ar do mhúinteoir Ealaíne agus ar Phríomhoide do scoile cáipéis a shíniú le dearbhú gur lean tú na treoracha seo. Bailíochtaítear do chuid oibre leis sin. Ní mór dóibh Coimisiún na Scrúduithe Stáit a chur ar an eolas murar lean tú na treoracha go léir. Má chuireann tú isteach obair chúrsa nach féidir le do mhúinteoir Ealaíne ná le Príomhoide do scoile a bhailíochtú, ní bhfaighidh tú aon mharcanna as comhpháirt na hoibre cúrsa.

- Is **ortsa** mar iarrthóir atá an fhreagracht as cloí le riachtanais an scrúdaithe. Mura sásaítear na riachtanais thuas, ní bheidh aon rogha ag do mhúinteoir Ealaíne ná ag údaráis na scoile ach sin a chur in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit.

# Coursework

Your coursework consists of **one** work from Section **A** and **one** work from section **B** including investigation and development for Section **A** and Section **B** in your Coursework Workbook.

| Section A | Section B |
|---|---|
| A realised Imaginative Composition **or** Still Life | A realised Craftwork **or** Design |

# Workbook Instructions

***Use the headings in this workbook to help you develop your realised works.***

1. **The Initial Research Sheet -** research for all of your coursework.
   Investigate your chosen theme using a variety of relevant media and materials. Your research and investigation will show you possibilities and routes that you might take with your coursework.

2. **Development Sheet 1 & 2 for each section**.
   - Your coursework is not just a test of your technical skills but also an examination of the ideas that you will develop from your investigation of your chosen theme.
   - From your investigation develop ideas and proposals for your realised works.
   - Test your ideas to see if they will work.
     When you are satisfied that your investigation and development have led to feasible proposals for sections **A** and **B**, **sketch your proposals on Development Sheet 2** and proceed to make your finished works.

# Process

The process of investigation and development is essential in order for you to be able to produce your best possible artwork.

- You should discuss your ideas with your teacher before deciding on your theme and as your coursework progresses. However, all work submitted should be **your own** unaided work.

- Investigation and development can include recording material from sources such as objects, people and landscapes. Conceptual sources which are based on ideas and imagination are also allowed. You may also use a combination of sources. Irrespective of the sources that you investigate you must use the material that you generate from this investigation to develop your own original work.

- **Visual plagiarism is not allowed.**

- Your initial research and development work is not your finished work but should show your developing ideas and decisions.

- **You should work directly on to this workbook**. The pages need not be clean and tidy, but should reflect your visual investigation and ideas. You are encouraged to show your thoughts/ideas in your drawings/sketches rather than making highly realised/time-intensive drawings. You are allowed to stick down samples of trial work that **you** have made such as embroidery stitches on fabric, colour combinations, texture trials, experiments on various grounds, photographs and written notes. If you choose to work in 3D, photographs of your work are allowed. The samples (grounds and trial work, etc.) you attach should be small enough to allow you ample space to work directly on to your workbook.

- The material that you use for your work should not be perishable and should be sufficiently robust to ensure that your work is intact for the examination and appeal stages.

- You should organise your time carefully in order to fully manage your work from the initial research phase through to the development work to the realised work.

### Choosing your theme

Select **one** of the themes on your Coursework Brief and base all of your coursework on this theme.

- You may consider using the support material underneath each theme. This support material indicates possible areas of investigation within the theme that you might find interesting. However, you should be aware that these are suggestions only and that there are many other equally valid approaches that you could take.

- Choose your **own** approach and produce your **own** work in response to **your** chosen theme.

# Obair Chúrsa

Is é atá i do chuid oibre cúrsa ná saothar **amháin** as Roinn **A** agus saothar **amháin** as Roinn **B**. San áireamh freisin tá iniúchadh agus forbairt le haghaidh Roinn **A** agus Roinn **B** i leabhar oibre na hoibre cúrsa.

| Roinn A | Roinn B |
|---|---|
| Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo críochnaithe | Ceardaíocht **nó** Dearadh críochnaithe |

# Treoracha le haghaidh an Leabhair Oibre

***Bain leas as na ceannteidil sa leabhar oibre seo chun cuidiú leat do shaothair chríochnaithe a fhorbairt.***

1. **Bileog an Taighde Tosaigh -** taighde do do chuid oibre cúrsa go léir.
   Bain úsáid as meáin agus as ábhair oiriúnacha chun do théama roghnaithe a iniúchadh. Nochtfaidh an taighde agus an t-iniúchadh féidearthachtaí agus slite a bhféadfá a ghabháil le d'obair chúrsa.

2. **Bileog Forbartha 1 & 2 le haghaidh gach roinne**.
   - Ní hé amháin gurb é aidhm na hoibre cúrsa do chuid scileanna teicniúla a thriail ach is fiosrúchán é freisin faoi na smaointe a fhorbróidh tusa as an iniúchadh a dhéanann tú ar do théama roghnaithe.
   - Is as an iniúchadh a dhéanann tú a fhorbraítear smaointe agus moltaí do do chuid saothar críochnaithe.
   - Déan do chuid smaointe a thriail ag féachaint an oibreoidh siad.
     Nuair a bheidh tú sásta de thoradh an iniúchta agus na forbartha go bhfuil moltaí agat le haghaidh Roinn **A** agus Roinn **B** atá inchurtha i gcrích, **sceitseáil do chuid moltaí ar Bhileog Forbartha 2** agus lean ar aghaidh chun na saothair chríochnaithe a dhéanamh.

# An Próiseas

Tá próiseas an iniúchta agus na forbartha riachtanach chun go mbeidh tú in ann saothar ealaíne a dhéanamh a bheidh ar an saothar is fearr atá ar do chumas a dhéanamh.

- Ba chóir duit do chuid smaointe a phlé le do mhúinteoir sula ndéanann tú cinneadh faoi do théama agus de réir mar a théann d'obair chúrsa chun cinn. **Do chuid oibre féin**, a dhéanann tú féin gan chabhair, is cóir a chur isteach, áfach.

- Is féidir taifeadadh ábhair ó fhoinsí mar nithe, daoine agus tírdhreacha a bheith san aireamh san iniúchadh agus san fhorbairt. Ceadaítear freisin foinsí coincheapúla atá bunaithe ar idéanna agus ar an tsamhlaíocht. Is ceadmhach éagsúlacht foinsí a úsáid. Is cuma cad iad na foinsí a iniúchann tú, ní mór duit an t-ábhar a bhailíonn tú san iniúchadh a úsáid chun do shaothar pearsanta féin a fhorbairt.

- **Ni cheadaítear bradaíl fhisiúil**.

- Ní hí an obair thaighde agus forbartha thosaigh an obair chríochnaithe. Is é is cóir di a léiriú forbairt do chuid idéanna agus cinntí.

- **Ba chóir duit oibriú go díreach ar an leabhar oibre seo**. Ní gá do na leathanaigh a bheith glan néata ach ba chóir go léireoidís d'iniúchadh agus do chuid smaointe i bhfoirm fhisiúil. Moltar duit do chuid smaointe/idéanna a léiriú le sceitsí in ionad tamall fada a chaitheamh ar líníochtaí mionchúiseacha críochnúla. Tá cead agat samplaí d'obair thrialach **a rinne tú féin** a ghreamú síos, e.g. greamanna bróidnéireachta ar fhabraic, meascán dathanna, trialacha uigeachta, trialacha ar chúldathanna éagsúla, grianghraif, nótaí scríofa. Má roghnaíonn tú obair 3T a dhéanamh, is ceadmhach grianghraif de do chuid oibre a chur san áireamh. Ba chóir go mbeadh an méid cheart sna nithe a ghreamaíonn tú síos (cúldathanna, obair thrialach, etc.) le ligean duit bunús na hoibre a dhéanamh go díreach ar an leabhar oibre.

- Ní cóir ábhair mheatacha a úsáid i do chuid oibre. Ba chóir dóibh a bheith marthanach go leor le cinntiú go mbeidh do shaothar slán tráth an scrúdaithe agus na n-achomharc.

- Ba chóir duit do chuid ama a eagrú go cúramach chun do chuid oibre a bhainistiú go hiomlán ón taighde tosaigh tríd an bhforbairt go dtí an saothar críochnaithe.

### Do théama a roghnú

Roghnaigh ceann **amháin** de na téamaí i gcoimre na hOibre Cúrsa agus bunaigh iomlán na hoibre cúrsa ar an téama sin.

- B'fhéidir gur mhaith leat leas a bhaint as an ábhar taca faoi bhonn gach téama. Cuireann an t-ábhar taca sin in iúl réimsí a d'fhéadfadh a bheith suimiúil agus a d'fhéadfaí a iniúchadh laistigh den téama. Níl iontu ach smaointe, áfach, agus tá a lán slite bailí ann a bhféadfá cur chuig an obair.

- Roghnaigh **do chur chuige féin** agus déan **do chuid oibre féin** mar fhreagairt don téama **a roghnaíonn tú féin**.

## Write your theme choice in this space.

## Section A: Imaginative Composition **or** Still Life

Tick whether you have chosen the Imaginative Composition **or** Still Life option.

Imaginative Composition ☐

Still Life ☐

## Section B: Craftwork **or** Design

Cut out your chosen Craftwork or Design question from your coursework brief and paste into the space below.

## Submit the following for examination:

1. A completed Coursework Workbook including:
   - The Initial Research Sheet showing the overall preparatory and research work for both Sections A and B (Imaginative Composition **or** Still Life and Craft **or** Design)
   - Two development Sheets for Section A - Imaginative Composition **or** Still Life
   - Two development Sheets for Section B - Craftwork **or** Design
2. A realised work from Section A - Imaginative Composition **or** Still Life
3. A realised work from Section B - Craftwork **or** Design.

Scríobh do théama roghnaithe sa spás seo.

## Roinn A: Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo

Cuir tic sa bhosca cuí le cur in iúl cé acu Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo a roghnaigh tú.

Cumadóireacht Shamhlaíoch ☐

Ábhar Neamhbheo ☐

## Roinn B: Ceardaíocht **nó** Dearadh

Gearr amach as coimre na hoibre cúrsa an cheist a roghnaigh tú faoin gCeardaíocht nó faoin Dearadh agus greamaigh sa spás thíos í.

## Cuir isteach na nithe seo a leanas le haghaidh an scrúdaithe:

1. Leabhar oibre na hoibre cúrsa ina mbeidh siad seo:
   - An Bhileog de Thaighde Tosaigh a léiríonn an obair ullmhúcháin agus taighde le haghaidh Roinn A agus Roinn B araon (Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo agus Ceardaíocht **nó** Dearadh)
   - Dhá bhileog forbartha le haghaidh Roinn A - Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo
   - Dhá bhileog forbartha le haghaidh Roinn B - Ceardaíocht **nó** Dearadh
2. Saothar críochnaithe le haghaidh Roinn A - Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo
3. Saothar críochnaithe le haghaidh Roinn B - Ceardaíocht **nó** Dearadh.

Initial Research Sheet for Section A (Imaginative Composition **or** Still Life) and B (Craftwork **or** Design)

Bileog an Taighde Tosaigh le haghaidh Roinn A (Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo) agus Roinn B (Ceardaíocht **nó** Dearadh)

Development Work Sheet 1: Section A (Imaginative Composition **or** Still Life)

Bileog Obair Forbartha 1: Roinn A (Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo)

Development Work Sheet 2: Section A (Imaginative Composition **or** Still Life) Including a sketch of the proposal for the realised work

Bileog Obair Forbartha 2: Roinn A (Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo), sceitse don mholadh le haghaidh an tsaothair chríochnaithe san áireamh

Development Work Sheet 1: Section B (Craftwork **or** Design)

Bileog Obair Forbartha 1: Roinn B (Ceardaíocht **nó** Dearadh)

Development Work Sheet 2: Section B (Craftwork **or** Design) Including a sketch of the proposal for the realised work

Bileog Obair Forbartha 2: Roinn B (Ceardaíocht **nó** Dearadh), sceitse den mholadh le haghaidh an tsaothair chríochnaithe san áireamh

**Rationale for Section A (Imaginative Composition** or **Still Life)**
An Réasúnaíocht le Comhpháirt A (Cumadóireacht Shamhlaíoch **nó** Ábhar Neamhbheo)

**Rationale for Section B (Craftwork** or **Design)**
An Réasúnaíocht le Comhpháirt B (Ceardaíocht **nó** Dearadh)

**I certify that the work submitted in this coursework workbook is my own unaided work.**
Deimhním go ndearna mé féin an obair atá á chur isteach i leabhar oibre seo na hoibre cúrsa agus go ndearna mé gan chabhair é.

**Signed Candidate** ________________________ Síniú an Iarrthóra ________________________

**Candidate Examination Number** ________________________ Scrúduimhir an Iarrthóra ________________________

**Date** ________________________ Dáta ________________________

**I certify that this is the unaided work of candidate number** ________________________

Deimhním go ndearna iarrthóir uimhir ________________________ an obair seo gan chabhair.

**Signed Art Teacher/Principal** ________________________ Síniú an Mhúinteoira Ealaíne/Phríomhoide ________________________

**Date** ________________________ Dáta ________________________

**Note: The circumstances in which the Minister for Education and Skills may withhold marks from candidates are set out in the 'Rules and Programmes for Secondary Schools'. Any person who helps a candidate to break examination rules can be prosecuted under the Education Act 1998.**

Nóta: Tá na cúinsí inar féidir leis an Aire Oideachais agus Scileanna marcanna a choimeád siar ó iarrthóir leagtha amach in 'Rialacha agus Cláir do Mheánscoileanna'.
Má chabhraíonn aon duine le hiarrthóir rialacha an scrúdaithe a bhriseadh, is féidir é a chúiseamh faoin Acht Oideachais 1998.